Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13202/23**

**SOC 626**
**EMPL 446**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Na córais Eorpacha um chosaint shóisialta a chomhdhlúthú agus a neartú – Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 9 Deireadh Fómhair 2023.

**Na córais Eorpacha um chosaint shóisialta a chomhdhlúthú agus a neartú**

*Díospóireacht bheartais*

Léirigh na géarchéimeanna is déanaí, agus go príomha an phaindéim agus iarmhairtí boilscitheacha chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, go bhfuil géarghá le beartais torthaí láithreacha chun an laghdú ar ioncam teaghlaigh a mhaolú. Ba cheart go ndíreodh na beartais sin ar an dream is leochailí, agus ar an gcaoi sin, seachnófar tionchair dhiúltacha bhuana a chuireann leis an neamhionannas, a chuireann teorainn le deiseanna agus, ar deireadh, a mhoillíonn an fás sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Mar sin féin, ní leor freagairt thapa spriocdhírithe chun dul i ngleic leis an dúshlán sin amháin chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar an tionchar sóisialta a bhíonn ag athruithe bunúsacha sochaíocha agus eacnamaíocha. Chun Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme go héifeachtach, ní mór obair ghníomhach a dhéanamh ar iarmhairtí sóisialta na gcroídhúshlán struchtúrach sin, amhail iad siúd a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas.

Cé go dtugann na hathruithe sin mórdheiseanna do shaoránaigh na hEorpa, d'fhéadfadh neamhionannais mhéadaithe a bheith mar thoradh orthu, mar shampla, ó thaobh bearnaí digiteacha nó bochtaineacht fuinnimh de. Ní mór do bheartais shóisialta na staideanna sin a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach leordhóthanach.

Sa chomhthéacs sin, tá athchóirithe glactha ag na Ballstáit ar na córais cosanta sóisialta, amhail athchóirithe ar shochair dhífhostaíochta, nó tá siad á gcur chun feidhme acu; díolúintí sealadacha ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a nasctar in uaireanta le hathcháiliú; chomh maith le dul i ngleic le héagothromaíochtaí cosanta sóisialta trí fheabhas a chur ar chosaint shóisialta na ndaoine féinfhostaithe agus na ngrúpaí leochaileacha. Mar sin féin, tá éagsúlacht shuntasach ann i measc na mBallstát maidir leis na grúpaí sin a chumhdach.

Chuidigh an comhdhlúthú a rinneadh ar na scéimeanna ioncaim íosta freisin le dul i ngleic le tionchar na ngéarchéimeanna sin. Go háirithe, ag tógáil ar an Moladh ón gComhairle a glacadh le déanaí, tá na Ballstáit ag obair chun leibhéal cumhdaigh na scéimeanna ioncaim íosta a leathnú, chun na rátaí arda neamhghlactha a bhaineann le sochar den chineál seo a laghdú, agus chun an chomhlántacht idir bearta sóisialta agus saothair a áirithiú, is príomhghnéithe de na hiarrachtaí sin.

Anuas ar an tacaíocht airgeadais, ní mór cuidiú agus treoir a thabhairt do na daoine seo chun cuimsiú iomlán a bhaint amach sa tsochaí, go sóisialta agus san ionad oibre araon, rud a chuirfidh ar a gcumas iad a lánpháirtiú agus a bheith rannpháirteach le cearta agus deiseanna comhionanna.

Tá an-úsáid bainte ag roinnt Ballstát as cistí an Aontais, amhail Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus na Cistí Struchtúracha, ar mhaithe leis na cuspóirí sin a bhaint amach faoi chuimsiú a gCláir Náisiúnta um Athchóiriú. Ach ní leor na bearta gearrthéarmacha sin; ní mór do na Ballstáit cur chuige meántéarmach agus fadtéarmach a ghlacadh. Sin é an fáth a bhfuil roinnt Ballstát ag cur san áireamh an tábhacht a bhaineann le torthaí infheistíochtaí sóisialta agus cé mar is ceart caitheamh leo chun críoch cánach.

D'fhonn an comhdhlúthú a chur chun cinn agus an chosaint shóisialta a neartú san Eoraip, ní mór comhordú na gcóras slándála sóisialta a fheabhsú chun freagairt do na hathruithe i saol na hoibre. Dá bhrí sin, is den ríthábhachtach an rannpháirtíocht leanúnach sa chaibidlíocht maidir leis an togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta.

Ag an tráth seo – chun aghaidh a thabhairt ar réaltacht nua shaol na hoibre, amhail 'an fánaí digiteach' agus an teilea-obair – éilítear ar an Aontas Eorpach machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí atá aici seo ar chomhordú na slándála sóisialta, ar na critéir chun an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh agus ar na brainsí éagsúla slándála sóisialta.

Agus é sin á chur san áireamh, mar chéad chéim, tá grúpa *ad hoc* den Choimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta tar éis a chuid iarrachtaí a dhíriú ar chás teilea-oibrithe a shaothraíonn a ngníomhaíocht go rialta i mBallstát nach ionann é agus an Ballstát ina bhfuil a bhfostóir bunaithe, agus é mar aidhm ag an ngrúpa bealaí nithiúla a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais le linn an chéad timthrialla reachtaigh eile.

Ag an am céanna, tá athrú ag teacht ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn institiúidí a bhuí sin leis an teicneolaíocht dhigiteach. Tá na Ballstáit ag féachaint ar bhealaí nua chun feabhas a chur ar an gcumarsáid idir institiúidí, saoránaigh, gnólachtaí agus údaráis. Ní mór uirlisí digiteacha agus an intleacht shaorga a chur san áireamh agus an chosaint shóisialta á meas amach anseo, go príomha mar bhealach chun feidhmiú na gceart slándála sóisialta a chur chun cinn, agus chun an comhrac i gcoinne na calaoise agus na mí-úsáide a neartú. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí dar teideal *Digitalisation in social security coordination: facilitating free movement in the Single Market* [An digiteáil i gcomhordú na slándála sóisialta: an tsaorghluaiseacht sa Mhargadh Aonair a éascú], déantar na tionscnaimh atá ann cheana a mheas agus moltar bearta nithiúla chun dul i dtreo córas comhordaithe slándála sóisialta a bheidh níos comhtháite go digiteach.

**I bhfianaise an mhéid sin, agus bunaithe ar thaithí náisiúnta, iarrtar ar na hairí na ceisteanna a leanas a mheas:**

- *Cad iad na himpleachtaí atá ann do na córais cosanta sóisialta i bhfianaise na n-athruithe a tháinig as paindéim COVID-19 agus cad iad na hiarmhairtí boilscitheacha i ngeall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin? Agus cad faoin aistriú glas agus an t-aistriú digiteach atá ag tarlú faoi láthair sa tsochaí? Cad iad na tosaíochtaí maidir leis an gcosaint shóisialta a chur chun cinn?*

- *Céim amháin chun cinn sa chosaint shóisialta is ea glacadh an Mholta ón gComhairle maidir le híosioncam leordhóthanach. Cad iad na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na scéimeanna ábhartha ar an leibhéal náisiúnta? Cé mar is féidir an córas cosanta sóisialta a leathnú chuig na grúpaí is leochailí?*

- *An gcabhraíonn na forbairtí teicneolaíocha, go háirithe an intleacht shaorga, le haghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann cheana maidir le comhordú na slándála sóisialta agus leis an gcumarsáid idir riaracháin san Aontas a éascú? An mbeadh aon mholtaí agat féin maidir le húsáid na nuálaíochta teicneolaíche chun an córas cosanta sóisialta a neartú?*